C/2025/6254

19.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12227 — OEP CAPITAL ADVISORS / KBR / IX SWAT HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6254)

1. An 7 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OEP Capital Advisors, L.P. (in éineacht lena chuideachtaí infheistíochta 'OEP', SAM),

— KBR, Inc. ('KBR', SAM),

— IX SWAT Holdings, LLC ('SWAT', SAM), atá faoi rialú ag IX Capital SWAT Holdings, LLC.

Gheobhaidh OEP agus KBR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SWAT ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é OEP atá dírithe ar chomhcheangail chlaochlaitheacha laistigh de na hearnálacha tionsclaíochta, cúraim sláinte agus teicneolaíochta i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is soláthraí domhanda seirbhísí teicneolaíochta, innealtóireachta comhtháite, soláthair, seachadta tógála agus oibríochtaí agus cothabhála é KBR,

— Soláthraíonn SWAT seirbhísí speisialtachta táthaithe, meicniúla, catalaigh agus túir fuarúcháin, agus seirbhísí athluchtaithe eile, agus feidhmíonn sé seirbhísí neamhroghnacha go príomha ar chomhpháirteanna laistigh de scaglanna ola, tionscail pheitriceimiceacha, bithionscail, tionscail fuinnimh in-athnuaite agus saoráidí próiseála eile ar fud na Stát Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12227 – OEP CAPITAL ADVISORS / KBR / IX SWAT HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË